**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**GA**

11690/12

(OR. en)

PREAS 283
PR CO 42

# PREASEISIÚINT

An 3180ú cruinniú de chuid na Comhairle

## Gnóthaí Ginearálta

Lucsamburg, 26 Meitheamh 2012

An tUachtarán **Nicolai WAMMEN**
Aire Gnóthaí Eorpacha na Danmhairge

**P R E A S**

Rue de la Loi 175 B – 1048 AN BHRUISÉIL Teil.: +32 (0)2 281 9776 / 6319 Facs: +32 (0)2 281 8026
press.office@consilium.europa.eu http://www.consilium.europa.eu/Newsroom

## Príomhthorthaí ón gComhairle

*An 29 Meitheamh, chinn an Chomhairle tús a chur leis an gcaibidlícht aontachais le Montainéagró, faoi réir fhormheas na Comhairle Eorpaí.*

*Bhain sí amach an dara cur chuige ginearálta páirteach i ndáil le gnéithe breise de* ***phacáiste reachtach an bheartais chomhtháthaithe*** *do 2014-2020***.**

*Bhí díospóireacht ann i leith leagain athbhreithnithe den bhosca caibidlíochta do* ***chreat airgeadais ilbhliantúil an AE*** *do 2014-2020.*

*D'ullmhaigh an Chomhairle an cruinniú de chuid na* ***Comhairle Eorpaí*** *an 28-29 Meitheamh, ar bhonn dréacht-Chonclúidí. Mar chuid den Seimeastar Eorpach, d'fhormheas an Chomhairle dréacht de* ***mholtaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith*** *agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an gComhairle Eorpach lena bhformheas.*

*Ar imeall na Comhairle,* ***tionóladh comhdháil aontachais leis an Íoslann*** *ag leibhéal na n-airí* ***agus*** *tionóladh* ***Comhairle aontachais leis an Tuirc****; tionóladh an dá cheann acu sa Bhruiséil an 22 Meitheamh.*

*Ghlac an Chomhairle cinneadh freisin lenar formheasadh, thar ceann an AE, go síneofaí raon feidhme oibríochtaí an* ***Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha*** *chun an Mheánmhuir theas agus thoir a áireamh.*

*Ghlac sí treoir maidir le rialú* ***mórghuaiseacha tionóisce lena mbaineann substaintí contúirteacha****.*

*Ghlac sí dréacht-Rialachán maidir leis an* ***infheistíocht dhéthaobhach le tríú tíortha****.*

*Shocraigh an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil le dréacht-Rialachán maidir leis an* ***tacagraf a úsáidtear san iompar de bhóthar*** *arb é is aidhm leis gurbh dheacra an chalaois agus gur lú ualach an riaracháin a bhuí le leas iomlán a bhaint as na teicneolaíochtaí nua.*

# CLÁR[1]

**RANNPHÁIRTITHE** ..................................................................................................... 5

**MÍREANNA A PLÉADH**

Méadú - Montainégró.................................................................................................... 7

An beartas comhtháthaithe - *seisiún poiblí* ...................................................................... 8

An creat airgeadais ilbhliantúil - *seisiún poiblí* ................................................................ 10

Ullmhúchán do chruinniú Mheithimh na Comhairle Eorpaí ............................................ 11

**MÍREANNA EILE A FORMHEASADH**

*GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

– BEAF - Síneadh na n-oibríochtaí chuig an Mheánmhuir theas agus thoir ........................ 13

– Boinn euro a eisiúint.............................................................................................. 13

– Cistí Caipitil Fiontair agus Cistí Fiontraíochta Sóisialta ............................................. 13

*CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE*

– Comhaontú an AE-an Tuirc don athghlacadh isteach .................................................. 14

– An Chairt um Chearta Bunúsacha .............................................................................. 15

*AN BEARTAS TRÁDÁLA*

– Conarthaí déthaobhacha infheistíochta........................................................................ 15

– Bearta frithdhumpála agus i gcoinne deontas ............................................................... 15

[1] • I gcás ina mbeidh dearbhuithe, conclúidí nó rún glactha go foirmiúil ag an gComhairle, léirítear é seo sa cheannteideal don ábhar lena mbaineann agus cuirtear an téacs idir chomharthaí athfhriotail.
• Doiciméid a dtugtar tagairtí dóibh sa téacs, tá siad ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle (http://www.consilium.europa.eu).
• Gníomhartha a glacadh le dearbhuithe do mhiontuairiscí na Comhairle agus a fhéadfar a scaoileadh leis an bpobal, taispeántar le réiltín iad; tá na dearbhuithe seo ar fáil ar láithreán Idirlín na Comhairle nó féadfar iad a fháil ón bPreas-Oifig.

*GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*


– Straitéis an AE do réigiún Mhuir Bhailt ........ 16

– Cathaoirleacht meithealacha áirithe ........ 16

– Comhéifeachtaí ceartúcháin d'oifigigh an AE a bhfuil cónaí orthu san Eastóin ........ 17

– Cinneadh lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta coiteann idirthurais ........ 17

– Meastóireacht ar ghníomhaireachtaí an AE ........ 17


*IOMPAR*


– Rialachán maidir le tacagraif * ........ 17


*AN COMHSHAOL*


– Ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú ........ 18

– Rialú ar mhórghuaiseacha tionóisce lena mbaineann substaintí contúirteacha ........ 18


*TALMHAÍOCHT*


– Sainaithint leictreonach na mbó-ainmhithe agus líonraí de bhunachair shonraí ríomhaireachta - tuarascáil ar dhul chun cinn ........ 19

# RANNPHÁIRTITHE

| | |
|---|---|
| **An Bheilg:** | |
| Didier REYNDERS | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha, Trádála Seachtraí agus Gnóthaí Eorpacha |
| **An Bhulgáir:** | |
| Nikolay MLADENOV | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **Poblacht na Seice:** | |
| Karel SCHWARZENBERG | An Chéad Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Danmhairg:** | |
| Nicolai WAMMEN | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An Ghearmáin:** | |
| Michael LINK | An tAire Stáit in Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine |
| **An Eastóin:** | |
| Urmas PAET | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **Éire:** | |
| Lucinda CREIGHTON | An tAire Stáit Gnóthaí Eorpacha (Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha) |
| **An Ghréig:** | |
| Dimitrios KOURKOULAS | An Státrúnaí Gnóthaí Eachtracha |
| **An Spáinn:** | |
| Íñigo MÉNDEZ DE VIGO Y MONTOJO | An Státrúnaí don Aontas Eorpach |
| **An Fhrainc:** | |
| Bernard CAZENEUVE | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An Iodáil:** | |
| Enzo MOAVERO MILANESI | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An Chipir:** | |
| Erato KOZAKOU-MARCOULLIS | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| Andreas MAVROYIANNIS | Leas-Aire Uachtarán Phoblacht na Cipire do Ghnóthaí Eorpacha |
| **An Laitvia:** | |
| Edgars RINKĒVIČS | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Liotuáin:** | |
| Vytautas LEŠKEVIČIUS | An Leas-Aire Gnóthaí Eachtracha |
| **Lucsamburg** | |
| Jean ASSELBORN | An Leas-Phríomh-Aire, An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Ungáir:** | |
| Enikő GYŐRY | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **Málta:** | |
| Tonio BORG | An Leas-Phríomh-Aire agus an tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Ísiltír:** | |
| Ben KNAPEN | An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Comhair Idirnáisiúnta |
| **An Ostair:** | |
| Wolfgang WALDNER | Státrúnaí, An Aireacht Chónaidhme Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta |
| **An Pholainn:** | |
| Piotr SERAFIN | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An Phortaingéil:** | |
| Miguel MORAIS LEITÃO | Státrúnaí a ghabhann leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, a bhfuil freagracht air maidir le Gnóthaí Eorpacha |

| | |
|---|---|
| **An Rómáin:** | |
| Leonard ORBAN | An tAire Gnóthaí Eorpacha |
| **An tSlóivéin:** | |
| Igor SENČAR | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An tSlóvaic:** | |
| Peter JAVORCÍK | Státrúnaí, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha |
| **An Fhionlainn:** | |
| Alexander STUBB | An tAire Gnóthaí Eorpacha agus Trádála Eachtraí |
| **An tSualainn:** | |
| Birgitta OHLSSON | An tAire Gnóthaí AE |
| Carl BILDT | An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| **An Ríocht Aontaithe:** | |
| David LIDINGTON | An tAire Stáit do Ghnóthaí Eachtracha agus do Ghnóthaí Comhlathais |

| | |
|---|---|
| **An Coimisiún:** | |
| Maroš ŠEFČOVIČ | An Leas-Uachtarán |
| Janusz LEWANDOWSKI | Comhalta |
| Stefan FULE | Comhalta |
| Johannes HAHN | Comhalta |

## Rinneadh ionadaíocht ar Rialtas an Stáit Aontaigh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| **An Chróit:** | |
| Vesna PUSIĆ | An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha |

## MÍREANNA A PLÉADH

### Méadú - Montainégró

Ghlac an Chomhairle na Conclúidí a leanas:

"Ar aon dul leis na Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 9 Nollaig 2011, is díol sásaimh don Chomhairle í an tuarascáil a tháinig le déanaí ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag Montainéagró chun athchóirithe a chur chun feidhme, ina ndírítear go háirithe ar an smacht reachta agus ar chearta bunúsacha, go háirithe an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe.

Thacaigh an Chomhairle leis an measúnú a thug an Coimisiún go bhfuil na critéir bhallraíochta á gcomhlíonadh go cuí ag Montainéagró, agus go háirithe na critéir pholaitiúla a leagadh síos le Comhairle Eorpach Chóbanhávan i 1993, chun caibidlíocht aontachais a chur ar bun. Maidir leis sin, chuir an Chomhairle in iúl go láidir an tábhacht a bhaineann, dar léi, leis an smacht reachta agus na cearta bunúsacha, agus d'iarr sí ar Mhontainéagraó dul i ngleic leis na fadhbanna a shainaithin an Coimisiún sa tuarascáil is déanaí ar dhul chun cinn, go háirithe neamhspleáchas na mbreithiúna, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, agus d'aithin freisin a riachtanaí atá sé do Mhontainéagró iarracht a dhéanamh cuntas teiste daingean a bhaint amach le linn na caibidlíochta. Iarrann an Chomhairle ar Europol tuarascáil a thíolacadh maidir leis an staid mar atá i dtaobh na coireachta eagraithe i Montainéagró, agus iarrann sí ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfear an méid sin san áireamh sna tuarascálacha scagthástála atá le teacht.

Ina fhianaise sin, cuirfidh an tAontas Eorpach an taithí atá aige ó chaibidlíocht aontachais roimhe seo san áireamh go háirithe maidir leis na caibidlí caibidlíochta i ndáil leis na breithiúna, leis na cearta bunúsacha agus leis an gceartas, an tsaoirse agus an tslándáil. Cuirfear cur chuige nua i bhfeidhm maidir leis an dá chaibidil, agus déanfar sin go luath sa chaibidlíocht le go mbeidh dóthain ama ann chun an reachtaíocht, na hinstitiúidí agus an cuntas láidir teiste ó thaobh an chur chun feidhme de, a bhunú. Ba cheart a áirithiú go mbeidh cothromaíocht fhoriomlán ann sa dul chun cinn idir na caibidlí éagsúla ar fad.

Ghlac an Chomhairle seasamh ginearálta an AE, lena n-áirítear an creat caibidlíochta, d'fhonn caibidlíocht aontachais a chur ar bun le Montainéagró.

Chinn an Chomhairle, faoi réir tacú a fháil ón gComhairle Eorpach, gur cheart tús a chur leis na caibidlíochtaí aontachais an 29 Meitheamh 2012."

**An beartas comhtháthaithe - *seisiún poiblí***

Tháinig an Chomhairle ar an dara cur chuige ginearálta páirteach[1] i ndáil le rialacha nua bheartais chomhtháthaithe an AE don tréimhse 2014-2020 *(11027/12 REV 1* + *11027/12 ADD 5 REV 2)*.

Is é is aidhm don bheartas comhtháthaithe na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha réigiúin éagsúla an AE a laghdú.

Leis an gcur chuige ginearálta páirteach a socraíodh inniu, comhlánaítear an cur chuige ginearálta páirteach i ndáil le sé cinn de ghnéithe, mós teicniúil[2], a socraíodh an 24 Aibreán (*8925/12*).

Is éard is aidhm leis an gcur chuige ginearálta páirteach seo is déanaí ón gComhairle feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht chaiteachas an bheartais chomhtháthaithe trí na hinfheistíochtaí a dhíriú ar líon teoranta cuspóirí téamacha agus trí feabhas a chur ar úsáid na n-ionstraimí airgeadais agus na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí.

Tugadh aire chun á áirithiú nach ndéanfar dochar leis an gcur chuige ginearálta páirteach do thorthaí na caibidlíochta maidir le gnéithe eile den bheartas comhtháthaithe ná do chreat airgeadais ilbhliaintúil (MFF) an AE do 2014-2020 ná don rialachán airgeadais.

D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an gcur chuige ginearálta páirteach, mar sin, mar thoradh ar an gcaibidlíocht eile sin.

Leis an gcur chuige ginearálta páirteach a socraíodh inniu, clúdaítear na ceithre bhloc théamacha seo a leanas:

– Díriú téamach, faoi mar a leagadh amach in *11027/12 ADD 1 REV 1*. Dírítear na cistí ar líon teoranta de chuspóirí téamacha a léiríonn tosaíochtaí 2020 an Aontais agus lena gcuirtear san áireamh leibhéal na forbartha sa réigiún éagsúla. Tá íoschodanna de chaiteachas an bheartais chomhtháthaithe leagtha síos don fhostaíocht, don chuimsiú sóisialta agus don oideachas.

---

[1] Is comhaontú polaitiúil de chuid na Comhairle go dtí go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa seasamh ar an gcéad léamh é cur chuige ginearálta. Is cur chuige páirteach atá i gceist leis an gceann seo i ndáil le pacáiste reachtach an bheartais chomhtháthaithe ós rud é go bhfuil roinnt gnéithe fágtha ar lár, go háirithe na suimeanna atá le leithdháileadh ar an mbeartas comhtháthaithe agus incháilíocht réigiún éagsúla.

[2] Cláreagrú; coinníollacht ex ante; bainistiú agus rialú; faireachán agus meastóireacht; incháilitheacht; mórthionscadail

– Ionstraimí airgeadais, faoi mar a leagadh amach in *11027/12 ADD 2 REV 1*. Na cúig cinn de chistí a chlúdaítear leis an gcomhchreat straitéiseach (CCS)[1], is féidir iad a úsáid chun tacú le hionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí, ráthaíochtaí, infheistíochtaí i scaireanna nó ionstraimí eile roinnte riosca, chomh fada agus a thugtar aghaidh, leis na hionstraimí sin, ar riachtanais shonracha an mhargaidh.

– Oibríochtaí as a dtagann glanioncam agus comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, faoi mar a leagadh amach in *11027/12 ADD 3 REV 1*. Baineann an chuid seo den chur chuige ginearálta páirteach le hoibríochtaí as a dtagann glanioncam agus iad críochnaithe, amhail bonneagar a thógáil (e.g. bóithre) dá ngéartar muirir ar a úsáid. Chomhaontaigh an Chomhairle go laghdófaí caiteachas incháilithe de chuid tionscadail a bhí le bheith cómhaoinithe ag an AE tríd a chur san áireamh a mhéid a d'fhéadfadh glanioncam teacht as an tionscadal. Tá forálacha freisin sa chur chuige ginearálta páirteach d'úsáid na gcúig chiste a chlúdaítear leis an CCS chun tacú le hoibríochtaí a chuirtear chun cinn i gcomhpháirtíocht phríobháideach-phoiblí.

– Creat feidhmíochta, faoi mar a leagadh amach in *11027/12 ADD 4 REV 1*. Áirítear leis seo forálacha lena leagtar amach rialacha trínar féidir cistí a chur ar fionraí nó ar ceal i gcás nach n-éireofaí le spriocanna áirithe a bhaint amach beag ná mór.

Maidir leis an gceist ar cheart an nasc idir straitéis an AE don fhostaíocht agus don fhás agus don bheartas comhtháthaith a áirithiú trí bhíthin moltaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith nó trí chláir náisiúnta athchóirithe, ba é a chinn an uachtaránacht Dhanmhargach go bhfanfaí go mbeadh soiléiriú le fáil maidir leis an gcoinníollacht mhaicreacnamaíoch sa díospóireacht ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (MFF) 2014-2020.

Beidh díospóireachtaí eile ann ar leibhéal na Comhairle sna míonna amach anseo faoin uachtaránacht Chipireach chun cur chuige ginearálta páirteach eile a bhaint amach. Tá dlúthnasc idir rialacha nua an bheartais chomhtháthaithe agus caibidlíocht an MFF; táthar ag glacadh leis nach nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na rialacha sin go dtí go mbeidh comhaontú ann maidir leis an MFF.

---

1 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (EFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Ciste Comhtháthaithe (CF), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CEIFT) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).

**An creat airgeadais ilbhliantúil - *seisiún poiblí***

Pléigh an Chomhairle creat airgeadais ilbhliantúil an AE (CAI) don tréimhse 2014-2020 ar bhonn bosca caibidlíochta athbhreithnithe[1] (*11539*/12). Leis an bplé sin, iarradh an chéad díospóireacht shubstainteach a bheidh ag an gComhairle Eorpach ar an ábhar sin a ullmhú dá cruinniú ar an 28-29 Meitheamh.

Bhí na hairí sásta leis an obair a bhí déanta ag an uachtaránacht Dhanmhargach agus leis an dul chun cinn a rinneadh go n-uige seo. Bhí éagsúlacht tuairimí ann maidir leis an gceist ar cheart an bosca caibidlíochta a mheas mar leagan críochnaitheach nó mar bhonn don obair amach anseo.

Maidir leis na leasuithe a rinneadh ar an mbosca caibidlíochta le seachtainí beaga anuas, bhíothas sásta ar an mórgóir le moladh na huachtaránachta go gcoinneofaí fo-cheannteidil ar leith do "iomaíochas don fhás agus do phoist" agus "comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach". Léirigh roinnt toscaireachtaí go raibh siad sásta leis an téacs nua atá beartaithe le cur isteach maidir le réigiúin oileánda (mír 41) agus rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe leis an infheistíocht, an fás agus an chruthú post (mír 18). Bhí toscaireachtaí eile i gcoinne aon déileáil speisialta a bheith ag réigiúin oileánda maidir le modh leithdháilte na gcistí struchtúracha nó d'iarr siad go luafaí an méid a cuireadh, trí bhíthin beartas eile de chuid an AE, go háirithe an Comhbheartas Talmhaíochta, leis an bhfás agus an cruthú post a chothú. Bhí roinnt Ballstát sásta le moladh na huachtaránachta go gcuirfí an tImoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta (ITTI) agus an Clár Eorpach chun cumas bhreathnadóireacht na Cruinne a bhunú (GMES) laistigh den CAI, ach bhí Ballstáit eile ina choinne sin.

Maidir le gnéithe eile an bhosca chaibidlíochta, d'iarr roinnt Ballstát go mbainfí amach an líontán sábháilteachta aisiompaithe mar a thugtar air, lena ndéanfaí raon feidhme na tacaíochta a theorannú go céatadán áirithe i gcomparáid leis an leibhéal a bhí i gceist le linn na tréimhse 2007-2013. Ballstáit eile, áfach, dúirt siad gurbh fhoráil thábhachtach a bhí sa mhéid sin agus nach mór é a choinneáil sa bhosca caibidlíochta. Bhí amhras ar roinnt de na hairí maidir leis an gcoinníollacht mhaicreacnamaíoch, mar a ghlaotar uirthi, (a bhfuil sé mar aidhm di a áirithiú go mbeidh éifeachtúlacht chaiteachas na gcúig chiste faoin gcomhchreat straitéiseach[2] á tacú le beartais fhónta eacnamaíocha) agus dúirt gurbh eagal dóibh go mbeadh pionós dúbáilte i gceist, leis na rialacha maidir leis an rialachas Eorpach. Ballstáit eile, áfach, dúirt siad nach mór í a choinneáil sa téacs. Ó thaobh an Chomhbheartais Talmhaíochta de, mheas cuid de na toscaireachtaí nach raibh cóineasú na gcabhracha díreacha in aghaidh an heicteáir uaillmhianach go leor i dtéarmaí raon feidhme agus ama ach cheap toscaireachtaí eile go raibh an cóineasú sin ag dul thar fóir.

---

1 Is páipéar é an bosca caibidlíochta a dhréachtaíonn an uachtaránacht agus ina leagtar amach na príomhghnéithe agus na príomhroghanna do chaibidlíocht an CAI. Déantar é a nuashonrú go leanúnach de réir mar a thugtar an chaibidlíocht ar aghaidh, agus is é is aidhm leis sa deireadh go mbeidh sé mar bhunús do chomhaontú de chuid na Comhairle Eorpaí. Fothófar an t-ábhar atá ann isteach san obair reachtach ar na gníomhartha éagsúla nuair a thiocfar ar chomhaontú.

2 Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (EFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Ciste Comhtháthaithe (CF), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CEIFT) agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI).

Níor nocht ach líon beag airí tuairimí maidir le taobh an ioncaim den bhosca caibidlíochta. Roinnt acu, leag siad béim ar a riachtanaí a bhí sé córas na n-acmhainní dílse a athchóiriú, fad is gurbh fhearr le roinnt eile acu leanúint leis na rialacha reatha.

Dúirt an uachtaránacht nua Chipireach go raibh beartaithe aici obair na huachtaránchta Danmhargaí a úsáid mar thúsphointe don phlé a bheadh ann amach anseo.

Ceaptar go bhformheasfaidh an Chomhairle Eorpach den 28-29 Meitheamh Conclúidí Nós Imeachta mar threoir don phróiseas caibidlíochta. Pléifear freisin conas is fearr is féidir fás a chruthú leis an CAI nua.

Is é an aidhm atá ann go mbainfear comhaontú amach faoi dheireadh na bliana.

Le haghaidh breise faisnéise i leith na caibidlíochta faoin MFF, is féidir breathnú ar leathanaigh ghréasáin na Comhairle i ndáil leis an ábhar sin:
http://www.consilium.europa.eu/special-reports/mff

**Ullmhúchán do chruinniú Mheithimh na Comhairle Eorpaí**

I gcomhar leis an uachtaránacht Dhanmhargach agus leis an gCoimsiún, scrúdaigh an Chomhairle dréacht-Chonclúidí don chruinniú den Chomhairle Eorpach a bhí le bheith ann an 28-29 Meitheamh.

Beidh an Chomhairle Eorpach ag díriú ar an méid a leanas:

- *An beartas eacnamaíoch*: conclúidí ón Seimeastar Eorpach 2012 (faireachán bliantúil ar bheartais bhuiséadacha agus athchóirithe struchtúracha), clár oibre an AE don fhás (a pléadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na Comhairle Eorpaí an 23 Bealtaine), comhpháirtíochtaí trádála agus infheistíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta;

- *An creat airgeadais ilbhliantúil*: an chéad phlé suntasach ar an CAI 2014-2020 (féach an mhír roimhe seo thuas);

- *Saincheisteanna eile*: méadú (tús na caibidlíochta aontachais le Montainégró), an dul chun cinn maidir le comhaid an cheartais agus na ngnóthaí baile, lena n-áirítear rialachas Schengen, tearmann, an fuinneamh núicléach agus an beartas eachtrach.

Rinne an Chomhairle plé ar dhréachtchlár oibre anótáilte an 29 Bealtaine (*9370/12*).

Mar chuid den Seimeastar Eorpach, d'fhormheas an Chomhairle dréacht de mholtaí a bhaineann go sonrach le tír faoi leith agus cuireadh ar aghaidh iad chuig an gComhairle Eorpach lena bhformheas. Rinneadh na dréachtmholtaí sin a phlé cheana féin in EPSCO and ECOFIN.

Phléigh na hairí a dtuairimí maidir le tuarascáil ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí i ndáil lena bhfuil i ndán don Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

# MÍREANNA EILE A FORMHEASADH

## *GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS*

### BEAF - Síneadh na n-oibríochtaí chuig an Mheánmhuir theas agus thoir

Ghlac an Chomhairle cinneadh lenar formheasadh, thar ceann an AE, go sínfí raon feidhme oibríochtaí an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha chun an Mheánmhuir theas agus thoir a áireamh.

Bhíothas tar éis comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa roimh ré, agus rinne an Pharlaimint é a ghlacadh an 13 Meitheamh ar an gcéad léamh.

Bunaíodh an BEAF i 1991, agus tá sé ag tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch i 29 tír san Eoraip láir agus thoir agus san Áise láir. Agus a chuid oibríochtaí á sinéadh anois chuig an Mheánmhuir theas agus thoir, rud a chuirfear i gcrích trí bhíthin leasuithe ar an gcomhaontú lenar bunaíodh BEAF, léireofar an chaoi a bhfuil an pobal idirnáisiúnta ag tacú leis an aistriú sa réigiún chuig geilleagar an mhargaidh agus chuig sochaithe daonlathacha iolraíocha.

### Boinn euro a eisiúint

Ghlac an Chomhairle Rialachán lena dtugtar isteach rialacha ceangailteacha i leith boinn euro a eisiúint atá ceaptha le bheith curtha i gcúrsaíocht, le bheith mar chuimhneachán nó do bhailiúcháin. Leagtar amach sa Rialachán gur cheart, i bhformhór na gcásanna, boinn atá ceaptha le bheith curtha i gcúrsaíocht a eisiúint dá n-aghaidhluach. Leagtar síos leis freisin critéir do bhoinn do bhailitheoirí agus sonraítear nach féidir le Ballstát níos mó ná dhá bhonn cuimhneacháin a eisiúint in aghaidh na bliana, go ginearálta.

### Cistí Caipitil Fiontair agus Cistí Fiontraíochta Sóisialta

Chomhaontaigh an Chomhairle i ndáil le cur chuige ginearálta[1] maidir leis na dréacht-Rialacháin faoi na Cistí Eorpacha Caipitil Fiontair (*11761/12*) agus na Cistí Eorpacha um Fhiontraíocht Shóisialta (*11762/12*). Leis an gcomhaontú sin, tá an bealach ullmhaithe chun leanúint leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa le go bhféadfar iad a ghlacadh gan mhoill.

---

1 Is comhaontú é an cur chuige ginearálta maidir le príomhghéithe de chuid gnímh dhlíthiúil, ag feitheamh ar thuairim Pharlaimint na hEorpa.

Is é atá mar chuspóir foriomlán do na tograí fás na FBManna a chothú trí fheabhas a chur ar an rochtain atá acu ar mhaoiniú trí phas uile-AE a bhunú do bhainisteoirí cistí caipitil fiontair (EuVECA) agus do bhainisteoirí cistí um fhiontraíocht shóisialta (EuSEF) maidir leis an margaíocht a dhéantar ar a gcistí.

Leis na tograí tugtar isteach ceanglais aonfhoirmeacha do bhainisteoirí gnóthas comhinfheistíochta atá ag iarraidh feidhmiú faoin bpas uile-AE. Tugtar isteach leo freisin ceanglais maidir leis an bpunann infheistíochta, na teicnící infheistíochta agus na gnóthais incháilithe a bhféadfaí díriú orthu le ciste cáilitheach. Tugtar isteach leo freisin rialacha aonfhoirmeacha maidir leis na catagóirí d'infheisteoirí a bhféadfaí díriú orthu le ciste cáilitheach agus maidir le heagrú inmheánach na mbainisteoirí a dhéanann na cistí cáilitheacha sin a mhargú. Cuideoidh rialacha comhionanna ar leith ar fud an AE le cothrom na féinne a thabhairt do rannpháirtithe uile an mhargaidh.

Thug an Coimisiún isteach tograí ar leith do EuVECA agus do EuSEF, toisc go bhfuil an dá chineál ciste éagsúil óna chéile. De ghnáth, díríonn EuVECA ar chaipiteal cothromais a chur ar fáil do FBManna sa chéad chéim dá ngnó, cé go mbíonn réimse níos mó uirlisí infheistíochta cáilitheacha ar fáil ag EuSEF go minic, amhail cómhaoiniú na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí, ionstraimí fiachais nó iasachtaí beaga.

Le cistí caipitil fiontair, cuirtear caipiteal cothromais ar fáil don chuid is mó do chuideachtaí a bhíonn iontach beag i gcoitinne agus tús á chur acu lena bhforbairt chorparáideach. San AE, tá acmhainn mhór nach bhfuil saothraithe den chuid is mó ag an gcistiú caipitil fiontair. Is féidir le FBManna a fhaigheann tacaíocht ó chaipiteal fiontair poist ardcháilíochta a chruthú, mar go dtacaítear le cruthú gnólachtaí nuálacha le caipiteal fiontair.

Cuireadh na tograí (*18499/11* agus *18491/11*) isteach i mí na Nollag seo caite agus is cuid iad den Ghníomh um an Margadh Aonair agus de phlean gníomhaíochta an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag FBManna ar mhaoiniú (*18619/11*).

## ***CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE***

### **Comhaontú an AE-an Tuirc don athghlacadh isteach**

Ghlac an Chomhairle Cinneadh (*10676/12*) faoi shíniú chomhaontú an AE-an Tuirc don athghlacadh isteach, mar a leagtar amach é in 10693/12. Chinn an Chomhairle freisin an dréacht-Chinneadh i ndáil le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin (*10697/12* agus *10693/12*) a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa le go dtoileoidh sí lena shíniú.

An 21 Meitheamh 2012, ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le comhar a fhorbairt leis an Tuirc i réimsí an Cheartais agus na nGnóthaí Baile.

**An Chairt um Chearta Bunúsacha**

Ghlac an Chomhairle Conclúidí *(*10935/12) maidir le tuarascáil 2011 ón gCoimisiún i ndáil le cur i bhfeidhm Chairt an AE um chearta Bunúsacha *(*8905/12*)*, inar leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfidh institiúidí agus comhlachtaí an AE, agus na Ballstáit, an Chairt i bhfeidhm go huile agus go hiomlán agus dlí an AE á chur chun feidhme acu.

***AN BEARTAS TRÁDÁLA***

**Conarthaí déthaobhacha infheistíochta**

Bhain an Chomhairle comhaontú polaitiúil amach i ndáil le dréacht-Rialachán maidir le conarthaí déthaobhacha infheistíochta le tríú tíortha, tar éis chomhaontú a bhaint amach freisin le Parlaimint na hEorpa an 29 Bealtaine.

Cuirfear an téacs a socraíodh chuig an bParlaimint agus ceaptar go nglacfaidh an Pharlaimint é ar an dara léamh gan a thuilleadh leasuithe.

Is é is aidhm leis an dréacht-Rialachán a áirithiú go mbeidh aistriú séimh ann ó chóras reatha na gconarthaí déthaobhaca infheistíochta (BITs) idir Ballstáit agus tríú tíortha chuig córas ina ndéanfaidh an Coimisiún na conarthaí sin a chaibidliú.

*Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach preasráiteas 11876/12.*

**Bearta frithdhumpála agus i gcoinne deontas**

Ghlac an Chomhairle na Rialacháin seo a leanas:

– Rialachán lena leasaítear Rialachán 102/2012 lenar forchuireadh dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rópaí agus cáblaí cruach de bhunadh, inter alia, na Síne, faoi mar a síneadh í chuig allmhairí rópaí agus cáblaí cruach de bhunadh, inter alia, Phoblacht na Cóiré, bíodh siad sin dearbhaithe de bhunadh Phoblacht na Cóiré nó ná bíodh *(*10520/12*)*;

– Rialachán lena leasaítear Rialachán 917/2011 lenar forchuireadh dleacht fhrithdhumpála chinntitheach agus lenar bailíodh go cinntitheach an dleacht shealadach a forchuireadh ar allmhairí de thíleanna ceirmeacha de bhunadh na Síne, trí chuideachta bhreise a chur le liosta na dtáirgeoirí ón tSín atá liostaithe san Iarscríbhinn I *(10523/12)*;

– Rialachán lena gcuirtear críoch leis na hathbhreithnithe eatramhacha páirteacha maidir leis na bearta frithchúiteacha i ndáil le hallmhairí áirithe teireataláit phoileitiléne (PET) de bhunadh, inter alia, na hIndia *(10528/12 + COR 1)*;

– Rialachán lena gcuirtear críoch leis an athbhreithniú eatramhach páirteach maidir leis na bearta frithdhumpála i ndáil le hallmhairí áirithe teireataláit phoileitiléine (PET) de bhunadh na hIndia *(10533/12)*;

– Rialachán lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí agus d'fheadáin neamhuamacha áirithe d'iarann nó de chruach, de bhunadh na Rúise agus na hÚcráine, tar éis athbhreithniú maidir le dul in éag de bhun Rialachán 1225/2009, agus lena gcuirtear críoch leis an imeacht athbhreithnithe maidir le dul in éag i ndáil le hallmhairí de phíopái agus d'fheadáin neamhuamacha, d'iarann nó de chruach, de bhunadh na Cróite *(10895/12)*;

– Rialachán lena leasaítear Rialachán 349/2012 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'aigéad tartarach de bhunadh na Síne *(11196/12)*.

## *GNÓTHAÍ GINEARÁLTA*

**Straitéis an AE do réigiún Mhuir Bhailt**

Ghlac an Chomhairle Conclúidí maidir le críochnú an athbhreithnithe ar Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt mar atá leagtha amach in *10054/12 (+ ADD 1 + ADD 2)*.

**Cathaoirleacht meithealacha áirithe**

Thug an Chomhairle dá haire iarratas ón uachtaránacht nua Chipireach go ndéanfaí an Danmhairg cathaoirleacht ar roinnt áirithe meithleacha sa tréimhse ó 30 Meitheamh go dtí 31 Nollaig 2012 (*11454/1/12 REV 1*).

**Comhéifeachtaí ceartúcháin d'oifigigh an AE a bhfuil cónaí orthu san Eastóin**

Ghlac an Chomhairle Rialachán lena gcoigeartaítear na comhéifeachtaí ceartúcháin a bhfuil feidhm acu maidir le luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (*10944/12*). Is éard is aidhm leis an Rialachán go gcuirfí san áireamh an t-ardú suntasach sa chostas maireachtála san Eastóin sa tréimhse ó Mheitheamh go Nollaig 2011.

**Cinneadh lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta coiteann idirthurais**

Ghlac an Chomhairle Cinneadh i ndáil leis an seasamh a bhíothas le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chomhchoiste AE-CSTE maidir le Cinneadh a ghlacadh lena leasaítear an Coinbhinsiún den 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta coiteann idirthurais i bhfianaise aontachas na Cróite (*11170/12*) agus na Tuirce (*11169/12)* leis an gCoinbhinsiún.

**Meastóireacht ar ghníomhaireachtaí an AE**

D'fhormheas an Chomhairle Ráiteas Comhpháirteach agus Cur Chuige Coiteann ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an AE agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe.

***IOMPAR***

**Rialachán maidir le tacagraif ***

Chomhaontaigh an Chomhairle i ndáil le cur chuige ginearálta do Rialachán nua maidir leis antacagraf a úsáidtear san iompar de bhóthar (*11433/12*), lenar réitíodh ceist an chumaisc a moladh a dhéanamh idir an ceadúnas tiomána agus cárta tacagraif an tiománaí, ceist a fágadh gan réiteach sa chur chuige ginearálta páirteach a socraíodh mí na Nollag seo caite *(18148/11*).

Sa chur chuige ginearálta, níor n-áiríonn an moladh ón gCoimisiúin go ndéanfaí micrishlis a mbeadh feidhmiúlachtaí chárta an tiománaí aici a ionchorprú sa cheadúnas tiomána le haghaidh tiománaithe gairmiúla, ós rud é go raibh amhras ar fhormhór na dtoscaireachtaí arbh fhiú an tairbhe é an costas a bhainfeadh lena leithéid de chumasc.

Is é an aidhm atá leis an dréacht-reachtaíocht nua a bheidh ag teacht in ionad Rialachán 1985 an Tacagraif gur deacra a bheidh sé dul i mbun na calaoise agus go laghdófar an t-ualach riaracháin trí lánúsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí nua agus trí roinnt beart nua rialála a thabhairt isteach.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach preasráiteas *11592/12*.

***AN COMHSHAOL***

**Ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú**

Ghlac an Chomhairle Rialachán (*PE-CONS 12/12*) i ndáil le ceimiceáin chontúirteacha a onnmhairiú agus a allmhairiú. Tagann an Rialachán seo in ionad Rialachán 689/2008 lena gcuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Rotterdam maidir leis an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in Iúl Roimh Ré le haghaidh ceimiceán agus lotnaidicídí áirithe guaiseacha sa trádáil idirnáisiúnta.

Is éard is aidhm leis an Rialachán nua an chomhfhreagracht agus an comhar a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus le go n-úsáidfear ceimiceáin ghuaiseacha ar bhealach a bheidh slán ó thaobh an chomhshaoil de.

Níl raon feidhme an Rialacháin teoranta do cheimiceáin a bhfuil toirmeasc nó srian docht orthu faoin gCoinbhinsiún, cumhdaítear na ceimiceáin sin ar leibhéal an AE leis freisin. Chomh maith leis sin, áirithítear leis an Rialachán go mbeidh gach ceimiceán pacáistithe agus lipéadaithe mar is iomchuí tráth a onnmhairithe.

**Rialú ar mhórghuaiseacha tionóisce lena mbaineann substaintí contúirteacha**

Ghlac an Chomhairle Treoir maidir le rialú ar mhórghuaiseacha tionóisce lena mbaineann substaintí contúirteacha (*PE-CONS 22/1/12 REV 1* + ADD1). Faoi 1 Meitheamh 2015, tiocfaidh an Treoir nua in ionad Treoir reatha Seveso II[1], a bhfuil feidhm aici maidir le isteach agus amach ar 10 000 bunaíocht san AE.

Bhíothas tar éis comhaontú a bhaint amach le Parlaimint na hEorpa roimh ré, agus rinne an Pharlaimint an Treoir a ghlacadh dá réir sin an 14 Meitheamh ar an gcéad léamh.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach preaseisiúint *11889/12*.

[1] IO L 010, 14.1.1997.

***TALMHAÍOCHT***

**Sainaithint leictreonach na mbó-ainmhithe agus líonraí de bhunachair shonraí ríomhaireachta - tuarascáil ar dhul chun cinn**

Thíolaic an Uachtaránacht tuarascáil lena leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh i gcéad leath 2012 maidir le dhá cheann de thograí (*10689/12*):

- lena leasaítear Rialachán 1760/2000 maidir le sainaithint leictreonach na mbó-ainmhithe agus lena scriostar na forálacha maidir le lipéadú deonach mairteola

- lena leasaítear Treoir 64/432/EEC maidir le bunachair shonraí ar cuid iad de na lionraí faireachais sna Ballstáit.

Tá dhá phríomhchuspóir i gceist leis an leasú sin ar an Rialachán:

- an tsainaithint leictreonach (EID) a thabhairt isteach mar mhodh oifigiúil sainaitheanta do bhó-ainmhithe ar fud an AE ar bhonn deonach do lucht a gcoinnithe.

- go n-aisghairmfear na nósanna imeachta sonracha riaracháin chun faisnéis dheonach a shonrú ar lipéid ar mhairteol agus ar tháirgí mairteola.

Coigeartófar, leis an Treoir atá á beartú, na líonraí reatha faireachais trí cheangaltas breise a thabhairt isteach go sonrófaí sa bhunachar sonraí cineál an tsainaithneora leictreonaigh, má úsáidtear i leith an ainmhí é.